

PÁIPÉAR COMHLÍONTAIS UIMH. 8

SCÉIM TEANGA

FAOI ALT 15 D'ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Eanáir 2018



Clár an Ábhair

Caibidil 1 Buneolas.....	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus ábhar Scéim Teanga 2018-2021	4
1.3 An próiseas comhairliúcháin	5
1.4 Athbhreithniú ar an Dara Scéim Teanga 2014-2017	5
1.5 Tosach feidhme an Tríú Scéim.....	6
Caibidil 2 Forléargas ar an Roinn Airgeadais	7
2.1 Achoimre ar na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil.....	7
2.2 Custaiméirí na Roinne	12
Caibidil 3 Achoimre maidir leis na Seirbhísí Gaeilge agus an Feabhsú Beartaithe i ndáil leis an Tríú Scéim 2018-2021.....	13
3.1 Achoimre maidir leis na Seirbhísí Gaeilge agus gealltanais breise faoin Tríú Scéim	13
3.2 Sonraí faoi sheirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin nó go dhátheangach	13
3.3 Modhanna cumarsáide leis an bpobal/Eolas don phobal	14
3.3.1 Comhfhreagras	14
3.3.2 Fógraí ó Bhéal/Cumarsáid ar an Teileafón le daoine den phobal	14
3.3.3 Aitheasca	15
3.3.4 Cruinnithe Poiblí.....	15
3.3.5 Cumarsáid Inmheánach.....	16
3.3.6 Cumarsáid leis na Meáin Chumarsáide	16
3.3.7 Cuirí Oifigiúla.....	17
3.3.8 Seirbhísí i gCeantair Gaeltachta	17
3.3.9 Logainmneacha Gaeltachta	17
3.3.10 Láithreán Gréasáin na Roinne agus Córais Ríomhaireachta	17
3.3.11 Foilseacháin.....	19
Caibidil 4 Feabhas ar an Acmhainn Teanga	20
4.1 Acmhainní Daonna	20
4.2 Oiliúint agus Forbairt.....	21
4.3 Cúrsaí Earcaíochta agus Socrúcháin	22
4.4 Seirbhísí Aistriúcháin	22
4.5 An Ghaeilge a chur chun cinn agus Seachtain na Gaeilge	23
Caibidil 5 Monatóireacht, Tuairiscíocht, agus Leasú.....	24
Caibidil 6 An Scéim Aontaithe a Fhoilsiú	26

CAIBIDIL 1: BUNEOLAS

1.1 Réamhrá

Is í seo an Tríú Scéim Teanga de chuid na Roinne Airgeadais a bhaineann le tréimhse na mblianta 2018 – 2021 agus a d'ullmhaigh an Roinn de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus na Rialacháin um Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (alt 9) 2008.

Déantar foráil le hAlt 11 an Achta do chomhlachtaí poiblí Scéim Teanga a ullmhú ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfear ar fáil:

- trí Ghaeilge;
- trí Bhéarla; agus
- trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

agus na bearta a dhéanfar chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair ar fáil trí Ghaeilge taobh istigh de thréimhse aontaithe ama.

Is é príomhchuspóir atá leis an Tríú Scéim seo cur in athuair leis an dul chun cinn a rinneadh faoin Dara Scéim maidir le scéimeanna ardchaighdeáin a chur ar fáil don chustaiméir a labhraíonn Gaeilge agus iad a bheith ar fáil a chur in iúl chomh maith le réimse na seirbhísí a chuirtear ar fáil tríd an dá theanga oifigiúil a leathnú i rith ré feidhme na Scéime.

I gcomhréir le halt 14(3) in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, bíonn Scéimeanna Teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go ndeimhníonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Scéim nua de bhun alt 15, cibé acu sin is deireanaí a tharlaíonn.

1.2 Ullmhú agus Ábhar Scéim Teanga 2018-2021

Le linn an Scéim Teanga seo a ullmhú, bhí aird mar is cuí ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Anuas air sin, eagraíodh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí lena mbaineann faoi mar a leagtar amach mar chuid den Scéim seo.

Rinne an Roinn de réir an bhunphrionsabail treorach gur chóir seirbhísí Gaeilge a bheith bunaithe ar:

- an bunleibhéal éilimh ar sheirbhísí faoi leith i nGaeilge;
- an tábhacht atá le cur chuige forbheartach maidir le seirbhísí den sórt sin a chur ar fáil;
agus
- na hacmhainní, acmhainní pearsanra agus acmhainní airgid san áireamh, agus acmhainn an chomhlachta atá i gceist an cumas riachtanach teanga a thabhairt chun cinn nó a thapú.

Cuireann an Scéim seo leis na prionsabail a ghabhann le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir agus le Cairt Custaiméirí na Roinne. Rinneadh í a chur i dtoll a chéile d'fhonn a chinntiú go dtabharfar aird iomlán, leis an Scéim seo agus le Scéimeanna a thagann ina diaidh, ar na dualgais uile a bhaineann le hábhar faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

1.3 An Próiseas Comhairliúcháin

D'eagraigh an Roinn próiseas comhairliúcháin poiblí lenar tugadh cuireadh do dhaoine den phobal, roinnt eagraíochtaí Gaeilge agus na hollscoileanna agus na forais tríú leibhéal is mó aighneachtaí a chur faoi bhráid. Cuireadh an fógra faoi alt 13 an Achta ar láithreán gréasáin na Roinne, ar an láithreán gréasáin www.tuairisc.ie, ar an *Irish Independent* (an forlíonadh *Seachtain*) agus rinneadh a fhógairt ar chuntas *Twitter* na Roinne níos mó ná aon uair amháin.

Tugadh faoi phróiseas caidrimh forleathan freisin i ndáil le forbairt na Scéime seo agus lena hábhar.

1.4 Athbhreithniú ar an Dara Scéim Teanga 2014-2017

Leis na gealltanais faoin Dara Scéim Teanga 2014-2017, cuireadh le leibhéal na ngealltanais faoin Scéim roimhe sin. Le linn ré feidhme na Scéime cuireadh tuiscint chun cinn ar an Scéim agus ar an riachtanas atá le comhlíonadh na ndualgas a choinneáil ar bun. Leagtar amach na príomhthorthaí agus cora nua i rith na bliana in Athbhreithniú Bliantúil na Roinne, a fhoilsítear i nGaeilge agus i mBéarla ar láithreán gréasáin na Roinne, tábla achoimre maidir leis an dul chun cinn leis an Dara Scéim Teanga 2014-2017 san áireamh. Ar an gcuma chéanna, tá measúnacht neamhspleách ar an Scéim ar fáil in athbhreithniú a rinne Oifig an Choimisinéara Teanga, trína ndírítear aird Rannóga faoi leith ar aon réimse ar gá soiléiriú ina leith. Anuas air sin, tugtar chun suntais leis an gcáipéisíocht sin thuas aon ábhar deacrachta a bheadh ag Rannóga maidir le dualgais a chomhlíonadh.

Leagtar amach i gCaibidil 3 na cáipéise seo na gealltanais is deireanaí faoin Scéim áirithe seo de réir na réimsí éagsúla agus le tagairt do ghealltanais na Scéime roimhe seo nuair is cuí sin.

1.5 Tosach feidhme an Tríú Scéim

Tá an Scéim seo aontaithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tosóidh feidhm na scéime ón 26 Feabhra 2018. Fanfaidh an Scéim i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn Scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun alt 15 an Achte, cibé acu sin is deireanaí a tharlaíonn.

CAIBIDIL 2: FORLÉARGAS AR AN ROINN AIRGEADAIS

Misean

Is é misean na Roinne bainistíocht a dhéanamh ar ghnóthaí airgeadais an Rialtais agus a bheith lárnach i mbun spriocanna eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais a bhaint amach le haird ar an gClár don Rialtas Comhpháirtíochta. Ar an gcuma sin, beidh ról ceannródaíochta ag an Roinn i bhfeabhsú an chaighdeáin mhaireachtála ag saoránaigh uile na hÉireann¹.

Príomhfheidhmeanna na Roinne

Bíonn baint go díreach ag an Roinn Airgeadais le réimse seirbhísí agus feidhmeanna beartais de chuid an Rialtais a chur ar fáil. Leagtar amach thíos cuntas achoimre ar struchtúr na heagraíochta agus ar phríomhobair na Rannóg.

2.1 Achoimre ar na Seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil

An Stiúirthóireacht Eacnamaíochta agus Fioscach

Tá Rannáin, Oifigí agus Aonaid éagsúla sa Stiúirthóireacht Eacnamaíochta agus Fioscach. Leagtar amach na Rannáin éagsúla agus na freagrachtaí lárnacha a leagtar orthu sna hailt ina dhiaidh seo síos.

An Rannán Eacnamaíochta

Tá an Rannán seo freagrach as anailís maicreacnamaíochta, réamhthuar meastacháin agus an beartas buiséideach. Tá de fhreagracht air chomh maith

¹<http://www.finance.gov.ie/corporate/strategy/>

straitéisí a leagan amach maidir le cúrsaí eacnamaíochta na hÉireann agus cion tairbhe a dhéanamh maidir le beartais a chur i dtoll a chéile a bhaineann le hearnálacha faoi leith nó a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí eacnamaíochta go ginearálta. Tugtar faoi obair thaighde agus cuirtear comhairle ar fáil faoin tionchar a bhíonn ag an mbeartas cánach agus ag beartais eile. Pléann an Rannán freisin leis an mbeartas buiséideach go ginearálta, comhordú ar an bpróiseas buiséideach taobh istigh den Seimeastar Eorpach, réamhthuar maidir le cúrsaí fioscacha, monatóireacht ar an bhfeidhmíocht maidir le cúrsaí buiséid, anailís ar thionchar an bheartais ar chúrsaí airgeadais an Rialtais san áireamh chomh maith le caidreamh a choinneáil le Comhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann. Tá de fhreagracht ar an Rannán chomh maith comhairle a chur maidir leis na rialacha fioscacha (an Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis) agus a gcur i bhfeidhm. Is é an Rannán seo freisin an phríomhoifig idirchaidrimh ag an Roinn leis an OECD.

An Rannán Cánach

Ar an Rannán seo a leagtar an fhreagracht as gach gné den bheartas cánach, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Oibrítear go dlúth le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an OECD agus leis an AE maidir le cúrsaí cánach. Déantar anailís ar pholasaithe beartaithe agus ar dhréachta agus ullmhaítear reachtaíocht, an Bille Airgeadais san áireamh.

An Rannán Idirnáisiúnta agus AE

Pléitear sa Rannán seo le straitéisí a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal an AE nó an Euro agus ar leibhéal idirnáisiúnta i ndáil le ceapadh an bheartais faoi chúrsaí eacnamaíochta, fioscacha agus airgeadais agus le comhordú tras-Rannach maidir le beartas an AE. Déantar bainistíocht maidir le

próiseas buiséidíochta an AE agus rialachas eacnamaíochta an AE agus forbairt chomhairle beartais na roinne i ndáil le ceisteanna a bhaineann leis an gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe nó leis an Aontas Eorpach. Cothaítear caidreamh freisin trí chraobhchóras taidhleoireachta na hÉireann agus cinntítear go gcuirtear an tAire agus an Roinn ar an eolas go hiomlán faoi chora nua ar leibhéal an AE agus ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Gnóthaí Corparáideacha

Tá an Rannán Gnóthaí Corparáideacha freagrach as creat rialachais na Roinne a choinneáil ar bun, as comhordú a dhéanamh ar straitéisí agus pleananna gnó an rannáin a fhorbairt agus as monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm, as seirbhísí bainistíocht tograí a chur ar fáil, as an gcumarsáid corparáide, as seifteanna acmhainne agus córais TEC a thabhairt i gcrích i gcomhar le háis comharsheirbhíse OGCIÓ, as feidhmeanna seomra priontála, as bainistíocht ar leanúnachas gnó agus as rialachas maidir le sonraí agus faisnéis, an bhainistíocht lárnach maidir le hiarratais saoráil faisnéise agus le ceisteanna parlaiminte san áireamh.

Acmhainní Daonna

Tá Acmhainní Daonna freagrach as straitéis Acmhainní Daonna na Roinne a fhorbairt agus a thabhairt i gcrích agus as réimse leathan seirbhísí AD a chur ar fáil don lucht bainistíochta agus don fhoireann. Tá straitéis AD na Roinne dírithe ar cúig cinn de phríomhghnéithe; struchtúr eagrúcháin, pleanáil maidir leis an lucht saothair agus le leanúnachas, foghlaim agus forbairt eagraíochta, bainistíocht feidhmíochta agus tionscnaimh maidir le fostaithe a spreagadh.

An tAonad Bainistithe Saoráidí

Tá an tAonad seo freagrach as gnáthchúrsaí oibriúcháin ó lá go lá d'fhonn cuidiú leis an Roinn trí bhainistíocht a dhéanamh maidir le cóiríocht agus saoráidí ionas go mbíonn cóiríocht shábháilte agus saoráidí leasa ar fáil chomh maith leis an gcóras bainistíocht sábháilteachta a choinneáil ar bun. Bítear freagrach freisin as a chinntiú go ndéantar an bheartaíocht ar fad de réir chreachóras an chóras bainistíocht sábháilteachta agus an ráitis sábháilteachta.

An Stiúrtóireacht Cistíochta agus Baincéireachta

Tá Rannáin/Aonaid éagsúla ina gcuid den Stiúrtóireacht Cistíochta agus Baincéireachta. Leagtar amach anseo thíos na rannáin agus na príomhfhreagrachtaí a leagtar orthu.

An Rannán Baincéireachta

Pléitear sa Rannán seo le straitéisí maidir le hearnáil na baincéireachta agus na híocaíochta in Éirinn, le polasaithe maidir le creidmheas a chur ar fáil sa chóras eacnamaíochta, rialáil maidir le creidmheas agus le híocaíochtaí, cosaint don tomhaltóir, déileáil le morgáistí anásta agus le deacrachtaí maidir le fiachas pearsanta agus fiachas gnólachtaí beaga agus meánmhéide. Tá an rannán freagrach freisin as polasaithe maidir le cumhacht agus feidhmeanna an Bhainc Ceannais agus straitéisí cistíochta agus infheistíochta faoi bhainistíocht NAMA (e.g. NewEra nó an ISIF).

Rannán na gCistí, na Margáí Árachais agus na bPinsean

Tá an Rannán seo freagrach as beartas agus reachtaíocht ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE nó ar an leibhéal idirnáisiúnta a thabhairt chun

cinn i ndáil le hearnáil na seirbhísí airgeadais, ach amháin earnáil na baincéireachta agus déantar bainistíocht maidir le treoracha an AE a thrasú. Baineann príomhfheidhmeanna an rannáin le cúrsaí árachais agus pinsin, le cistí, leis na margaí airgeadais agus le polasaithe chun cur in aghaidh sciúradh airgid.

An Rannán Scairsealbhóireachta agus Comhairle Airgeadais

Tá an Rannán Scairsealbhóireachta agus Comhairle Airgeadais freagrach as an mbainistíocht i ndáil le hinfheistíocht an Stáit in earnáil na baincéireachta (Banc Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Permanent TSB). Tá an rannán freagrach freisin as an mbainistíocht ar scaireanna an Aire sa Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA) agus déanann ionadaíocht maidir le leas an Aire i ndáil le maoirseacht ar NAMA i gcomhréir leis an Acht NAMA. Tá de fhreagracht ar an rannán freisin ionadaíocht a dhéanamh maidir le leas an Aire i ndáil le IBRC a leachtú. Cuireann an Rannán comhairle ar an Aire i ndáil le hearnáil na gcomhar creidmheasa. Déantar anuas air sin, trí leas a bhaint as an saineolas ar fud an Rannáin, seirbhísí comhairle maidir le cúrsaí airgeadais a chur ar fáil don Roinn go ginearálta de réir mar a éilítear sin.

An Rannán Airgeadais Idirnáisiúnta

Tá an Rannán seo freagrach as an mbainistíocht maidir le caidreamh na hÉireann le Forais Airgeadais Idirnáisiúnta (IFI) agus as ról na Roinne i ndáil le hathrú aeráide agus le cúrsaí airgeadais agus aeráide. Áirítear ar na forais airgeadais idirnáisiúnta: an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), Grúpa an Bhainc Dhomhanda, an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB) agus bainc forbartha iltaobhacha eile mar shampla an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus

Forbartha (EBRD), Banc Forbartha na hÁise (ADB) agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEDB).

Tá an Rannán freagrach freisin i gcomhréir leis an gcóras rialachais as creat bainistíochta na Roinne i ndáil le hábhar baoil. Déanann an Rannán, nuair is cuí, a theacht i gcomhréir agus i gcomhordú leis an gcóras náisiúnta maidir le measúnacht ar ábhar baoil, agus le comhlachtaí eile Rialtais i mbun ábhar baoil a thabhairt chun suntais, bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ina leith agus i leith na gcreatchóras comhlíontais agus a chinntiú go ndéantar dlúthchuid d'obair na Roinne astu. Cuireann an brainse comhlíontais dearbhú ar fáil don Bhord Feidhmiúcháin, agus don Ard-Rúnaí i ndeireadh báire, go bhfuil an Roinn ag feidmiú taobh de réir an chreachórais dlí agus rialúcháin a leagtar síos faoi dhlí na hÉireann agus faoi dhlí an AE de réir mar a bhaineann leis na Roinn agus leis na comhlachtaí a thagann faoina coimirce.

Tá an Rannán freagrach ar an straitéis I.F.S. (IFS2020) a chur i bhfeidhm sa Roinn agus as cúnamh taca a thabhairt don Aire Stáit maidir le Seirbhísí Airgeadais agus Árachas.

An tAonad Dlí

Tá an tAonad Dlí freagrach as seirbhísí comhairle dlí a chur ar fáil don Roinn tríd an gCeannasaí Dlí.

An tAonad Airgeadais

Tá an tAonad Airgeadais freagrach as an bpróiseáil ar idirbhearta dhéantar a charnadh le chéile i ndáil leis na cuntais airgeadais bhliantúla, Ráiteas míosúil an Státchiste agus na cuntais leithreasa bhliantúla a chur le chéile; an Cuntas

Státchiste a oibriú agus a bhainistiú agus feidhm an phámháistir ginearálta, bainistíocht airgeadais agus tuairiscíocht airgeadais go himmheánach, agus sin do chliant agus eile.

2.2 Custaiméirí na Roinne

Bhí an Rialtas, na hAirí, Dáil Éireann, Ranna eile Rialtais agus Oifigí Rialtais ar na príomhchustaiméirí chomh maith leis an earnáil phoiblí i gcoitinne. Déantar caidreamh rialta freisin, go foirmeálta agus go neamhfhoirmeálta, le forais de chuid an AE agus le forais idirnáisiúnta, le hiriseoirí, le lucht léinn, le lucht eacnamaíochta, le grúpaí stocaireachta agus, cé nach chomh mór céanna é, leis an bpobal.

Tá an Roinn Airgeadais tugtha do sheirbhís phroifisiúnta, éifeachtach, chúirtéiseach a chur ar fáil do na custaiméirí ar fad, le linn seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil agus a thabhairt i bhfeidhm i gcomhréir leis an 12 Prionsabal a ghabhann le Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir². Arna dhéanamh sin dúinn, beifear aireach maidir le riachtanais shonracha agus cúinsí sonracha na gcustaiméirí agus beidh meas ar chearta na gcustaiméirí i ndáil le cúrsaí comhionannais agus faoin reachtaíocht.

²<http://www.finance.gov.ie/wp-content/uploads/2017/05/170913-Quality-Customer-Service-September-2017.pdf>

CAIBIDIL 3: ACHOIMRE MAIDIR LEIS NA SEIRBHÍSÍ GAEILGE AGUS AN FEABHSÚ A BHEARTAÍTEAR I NDÁIL LEIS AN TRÍÚ SCÉIM 2018-2021

3.1 Achoimre maidir leis na Seirbhísí Gaeilge agus gealltanais breise faoin Tríú Scéim

Tá an Roinn Airgeadais tugtha do sheirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó go dhátheangach don chustaiméir. Leagtar amach sa chaibidil seo na bearta a dhéanfaidh an Roinn i rith ré na Scéime seo d'fhonn leibhéal na seirbhísí a chuirtear ar fáil a thabhairt chun cinn agus barr feabhais a chur ar na seirbhísí a shonraítear faoin Dara Scéim.

AN DUL CHUN CINN GO DTÍ GUR THÁINIG DEIREADH LEIS AN DARA SCÉIM TEANGA 2014 – 2017:

Anuas ar na coinníollacha faoin reachtaíocht, mar a leagtar síos faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, bhí an Roinn tugtha do chlár gealltanais lena ndearnadh forbairt ar na gealltanais a leagadh amach faoin gCéad Scéim Teanga. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga athbhreithniú ar an Scéim faoi mar a leagtar amach in Alt 1.4.

3.2 Sonraí faoi Sheirbhísí a chuirtear ar fáil i mBéarla amháin, nó go dhátheangach

Tugtar achoimre i gcaibidil 2 maidir le príomhchustaiméirí agus príomhgheallsealbhóirí na Roinne. Mar gheall ar chineál an róil agus na bhfeidhmeanna a leagtar ar an Roinn, ní gnáthrud caidreamh go minic le daoine den phobal ná seirbhísí a chur ar fáil dóibh ar bhonn aonair. Dá réir sin, is trí Bhéarla den chuid is mó a chuireann an Roinn na príomhsheirbhísí ar fáil.

Leanfar ina dhiaidh sin féin de shocruithe a dhéanamh i rith ré na Scéime seo ionas go gcinntítear go mbíonn an deis seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge do dhaoine den phobal ar bun i gcónaí.

3.3 Modhanna Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don Phobal

3.3.1 Comhfhreagras

I gcomhréir le halt 9 (2) an Achta, leanfar de fhreagra a chur ar an gcomhfhreagras scríofa (litreacha agus teachtaireachtaí ríomhphoist) sa teanga chéanna ina scríobhtar chuig an Roinn. Leanfaidh an Roinn freisin d'fhéachaint le tús a chur i nGaeilge le comhfhreagras le daoine ar eol gur comhfhreagras trí Ghaeilge is rogha leo. Tabharfar treoir don lucht foirne tuairisc a choinneáil ar eagraíochtaí den sórt sin ionas gur féidir maith a dhéanamh den ghealltanais seo. Coinneoidh an Roinn tuairisc logála den chomhfhreagras ar fad a thagann isteach i nGaeilge ionas go ndéantar monatóireacht ar an éileamh ina leith agus go gcoinnítear tuairisc, mar a leagtar amach thuas, ar eagraíochtaí arb é an comhfhreagras i nGaeilge is rogha leo.

Leanfar de theachttaireachtaí caighdeánach ar chóras ríomhphoist na Roinne, mar shampla séanadh dliteanais, a chur i mBéarla agus i nGaeilge mar chuid de ghnáthshíniúchán caighdeánaithe na Roinne ar an ríomhphost.

3.3.2 Fógraí ó Bhéal/ Cumarsáid Teileafóin le daoine den phobal

Tá de rún ag an Roinn a chinntiú go mbíonn oifigeach de chuid na Roinne ar fáil chun seirbhís dá shórt a chur ar fáil sa chás gur mian le duine den phobal gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar an teileafón.

I gcomhréir leis na prionsabail maidir le seirbhís ardchaighdeán don chustaiméir, leanfaidh an Roinn dá chinntiú go ndéanann oibritheoirí an chórais teileafóin agus fáilteoirí, na daoine lena mbíonn caidreamh ag an bpobal ar an gcéad iarraidh:

- ainm na Roinne a lua i mBéarla agus i nGaeilge;
- eolas a chur ar bheannachtaí bunúsacha i nGaeilge;
- daoine den phobal a chur ag caint gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a iarrtar a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Cuirfidh an tAonad Comhlíontais samplaí de teachtaireachtaí Gaeilge i ndáil le bheith 'amuigh as an oifig' nó le 'bosca teachtaireachtaí' ar fáil don fhoireann agus spreagfar an fhoireann le teachtaireachtaí i nGaeilge agus i mBéarla a shocrú don am a mbítear as láthair nó a gceanglaítear an té a ghlaonn leis an mbosca teachtaireachtaí.

Beidh na fógraí taifeadta seo a leanas i nGaeilge nó dháttheangach i gcomhréir leis an Acht:

- fógraí taifeadta teileafóin na Roinne taobh amuigh d'uaireanta oifige;
- fógraí ó bhéal a thaifeadtar agus a chraoltar trí chóras ríomhaireachta teachtaireachtaí nó trí chóras freagartha teileafóin.

3.3.3 Aitheasca

Leanfar d'aitheasca nó de ráitis a thugann an tAire, san Oireachtas agus in áiteanna eile, chomh maith le haitheasca a thugann oifigigh sinsearacha, a chur ar fáil sa teanga ina dtugtar iad. Beidh aitheasca a thugtar i nGaeilge san áireamh.

3.3.4 Cruinnithe Poiblí

Mar gheall ar chineál na hoibre atá de phríomhchúram ar an Roinn agus an réimse leathan geallsealbhóirí, eintitis idirnáisiúnta san áireamh, is i mBéarla a bhíonn mórchuid na gcruinnithe. Mar a chéile leis an Dara Scéim Teanga, beidh de pholasaí ag an Roinn, nuair is cuí agus nuair a bhíonn dóthain fógra tugtha, baill foirne atá inniúil ar an nGaeilge a chur ar fáil ag cruinnithe le heagraíochtaí Gaeilge agus eile.

3.3.5 Cumarsáid Inmheánach

- déanfar fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar taobh istigh den Roinn ar chóras fógartha poiblí, fógraí in ardaitheoirí san áireamh, a chraoladh go dhátheagnach;
- leanfaidh an tAonad Bainistithe Saoráidí dá chinntiú go mbíonn gach fógra poiblí in árais na Roinne a bhfuil téacs ag gabháil leo i mBéarla agus i nGaeilge;
- bainfear leas as *'This Week in Finance'*, nuachtlitir na Roinne, chun aon eolas maidir leis an nGaeilge a chur ar fáil don fhoireann;
- i gcomhréir le forálacha éigeantacha an Achta, beidh ceannteidil dhátheangacha nó i nGaeilge amháin ar stáiseanóireacht oifigiúil uile na Roinne, lena n-áirítear páipéar, bileoga dea-mhéine, clúdaigh litreach agus clúdaigh comhaid;
- de réir mar a chuirtear suaitheantais agus cártaí aitheantais nua ar fáil don lucht foirne, foilseofar ainm na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla orthu.

3.3.6 Cumarsáid trí na meáin chumarsáide

Déanfaidh Preasoifig na Roinne:

- cur le líon na bpreaseisiúintí le linn ré feidhme na Scéime ó 25% sa bhliain 2017, faoi réir ghealltanais a tugadh faoin Dara Scéim Teanga, go dtí 35% faoi dheireadh ré na Scéime seo;
- teacht i láthair níos tréine i nGaeilge ar ardáin na meán sóisialta, lena n-áirítear ardú ar líon na 'tvueiteanna' i nGaeilge agus méadú ar an ábhar Gaeilge ar an leathanach LinkedIn;
- soláthar do lucht foirne na Preasoifige freastal ar chúrsaí Gaeilge le linn uaireanta oifige;
- a chinntiú go dtugtar tús áite do phreaseisiúintí i nGaeilge maidir le cúrsaí Gaeilge nó Gaeltachta;
- acmhainní cuí Gaeilge, mar shampla foclóirí, leabhair nathanna cainte agus acmhainní ar líne, a sholáthar;
- a chinntiú gur i nGaeilge a fhreagraítear ceisteanna a thagann isteach i nGaeilge ó dhaoine den phobal, ó iriseoirí agus ó ionadaithe poiblí.

3.3.7 Cuirí Oifigiúla

Leanfaidh an Roinn dá chinntiú go mbíonn an cuireadh a eisítear maidir le himeachtaí cuí arna n-eagrú ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Stáit sa dá theanga oifigiúil.

3.3.8 Seirbhís i gCeantair Ghaeltachta

Leanfaidh an Roinn de sheirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge do dhaoine den phobal i gceantair Ghaeltachta de réir mar a thagann gá leis sin i gceist.

3.3.9 Logainmneacha sa Ghaeltacht

Leanfaidh an Roinn de na logainmneacha oifigiúla i gceantair Ghaeltachta, faoi mar a dhearbhaíonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, a úsáid.

3.3.10 Láithreán Gréasáin na Roinne agus Córais Ríomhaireachta

Rinneadh leasú suntasach ar láithreán gréasáin (www.finance.gov.ie) na Roinne le gairid ionas go bhfuil rogha nascleanúna idir Béarla agus Gaeilge ar fáil i gcomhréir le gealltanais a luaitear faoin Dara Scéim Teanga. Is féidir na fotheidil agus na roghchláir ar fad a leanúint i nGaeilge agus léirítear an t-ábhar seasta ar fad sa teanga a roghnaítear.

- leanfaidh an Roinn dá chinntiú go mbíonn na leathanaigh gréasáin ar fad taobh istigh de phríomhchóras an láithreáin ar fáil go dhátheangach;
- is i gcomhréir leis an Scéim Teanga a dhéanfar forbairt agus leasú ar an láithreán gréasáin i rith ré feidhme na Scéime seo;
- féachfaidh an Roinn le cur go leanúnach leis an méid ábhair a bhíonn ar fáil i nGaeilge ar an láithreán gréasáin i rith ré na Scéime seo, de réir mar a bhítear ina acmhainn sin. Tugtar san áireamh leis sin ábhar buanseasmhach breise a aistriú agus a chur ar fáil de réir mar a thagann sin i gceist;
- Spreagfar na Rannáin chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar ar líne d'fhonn cur leis an méid ábhair a bhíonn ar fáil i nGaeilge;
- beidh feidhm cuardaigh láithreán gréasáin na Roinne inúsáidte i nGaeilge;
- foilseoidh Rannáin chuí de chuid na Roinne ábhar agus eolas i nGaeilge ar láithreán nua inlín *SharePoint*;

- beidh nascleanúint trí Ghaeilge ar fáil le haon fhorbairt nua ar chúrsaí TEC, forfheabhsú córais san áireamh;
- leanfaidh an Roinn dá chinntiú go mbíonn gach forbairt maidir le cúrsaí TEC i gcomhréir leis na dualgais reachtúla faoin Scéim Teanga.

3.3.11 Foilseacháin

Cuireann an Roinn réimse foilseachán ar fáil maidir le réimsí éagsúla beartais na Roinne.

Tá cáipéisí príomhthábhachta éagsúla a fhoilsítear i nGaeilge agus i mBéarla an tráth amháin i gcomhréir le forálacha alt 10 an Achta, iad seo a leanas ina measc:

- an tAthbhreithniú Bliantúil;
- bileog an Bhuiséid agus Achoimre ar phríomhbhearta cánach an Bhuiséid;
- Páipéar Bán maidir le meastacháin i ndáil le Fáltais agus Caiteachas;
- Straitéis Caiteachais na hÉireann;
- an Scéim Teanga;
- na Cuntais Airgeadais;
- an Ráiteas Straitéise;
- cáipéisí ina leagtar amach moltaí maidir leis an mbeartas bpoiblí;
- cáipéisí áirithe a bhfuil mórthábhacht poiblí leo.

Chomh maith leis an méid sin, déanann Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste cuntais leithreasa na Roinne a fhoilsiú sa dá theanga.

Déanfaidh an Roinn iarracht cur le líon na gcáipéisí oifigiúla agus leis an eolas oifigiúil a fhoilsítear go dhátheangach agus faoi aon chlúdach amháin (más foilseachán crua nó foilseachán leictreonaice) de réir mar is féidir sin – go háirithe cáipéisí is ábhar spéise don phobal i gcoitinne.

CAIBIDIL 4: FEABHAS AR AN ACMHAINN TEANGA

Tá an Roinn tugtha i gcónaí dá chinntiú go mbíonn dóthain acmhainní teanga ar fáil sa Roinn chun seirbhís ar an leibhéal is gá a chur ar fáil i nGaeilge.

Cuirfidh an tAonad Foghlama agus Forbartha sa Rannóg Acmhainní Daonna an deis ar fáil do bhaill den fhoireann a gcuid inniúlachta ar an nGaeilge a thabhairt chun cinn chomh maith le hacmhainní leordhóthaineacha teanga a chur ar fáil agus oiliúint faoi leith de réir mar is cuí.

4.1 Acmhainní Daonna

D'fhonn leibhéal na Gaeilge sa Roinn a mheas agus eolas a chur ar fáil faoi bhaill foirne a chuirfeadh seirbhísí Gaeilge a fáil, déanfaidh an tAonad Foghlama agus Forbartha sa Rannán Acmhainní Daonna:

- iniúchadh bliantúil maidir leis an nGaeilge sa Roinn, lena n-áirítear measúnóireacht ar leibhéal na Gaeilge scríofa agus na Gaeilge labhartha ag gach duine den fhoireann;
- suirbhé gach bliain maidir leis na baill foirne atá ar fáil chun déileáil i nGaeilge le daoine den phobal agus a thograíonn dá ndeoin féin seirbhís den sórt sin a chur ar fáil de réir mar a bhíonn gá leis;
- ainmneacha na n-oifigeach atá inniúil ar úsáid na Gaeilge a fhoilsiú ar inlíon na Roinne chomh maith leis an leibhéal ó thaobh labhairt na Gaeilge agus scríobh na Gaeilge;
- Seachtain na Gaeilge agus imeachtaí eile Gaeilge a chur chun cinn sa Roinn, seisiúin eolais agus cur i láthair a dhéantar i nGaeilge san áireamh;
- dul i gcaidreamh leis an Aonad Comhlíontais agus eolas ábhartha a chur ar fáil mar chuid den chóras monatóireachta agus athbhreithnithe i ndáil leis an Scéim.

4.2 Oiliúint agus Forbairt

I ndáil le dúthracht na Roinne maidir le hoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil don uile dhuine den fhoireann, déanfar:

- leanúint den dúthracht maidir le deis a chur ar fáil do bhaill na foirne freastal ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe Gaeilge, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin, na deiseanna san áireamh a chuirtear ar fáil le hoiliúint a chuirtear ar fáil don Roinn go díreach;
- breisoideachas de gach cineál sa Ghaeilge a chur chun cinn trí Scéim na Roinne maidir le hAisíoc Táillí, socruithe maidir le baill foirne freastal ar chúrsaí oiliúna le linn uaireanta oifige san áireamh;
- oiliúint shonrach shaindirithe Gaeilge a chur ar fáil, de réir mar is gá, lena n-áirítear oiliúint ar gach ball foirne a bhíonn i mbun fáilteoireachta agus freagairt teileafóin agus do gach oifigeach seirbhíse d'fhonn cur lena gcuid eolais ar bheannachtaí bunúsacha agus ar theanga na Gaeilge;
- poiblíocht a dhéanamh maidir leis an Lárionad Foghlama, an lárionad foghlama nua don státseirbhís ar fad, ina gcuirfead réimse seirbhísí i gcomhar ar fáil don lucht foirne, seirbhísí a bhaineann leis an nGaeilge san áireamh;
- aird ar Scéim Teanga na Roinne a bheith san áireamh leis an ábhar ag seimineáir ionduchtúcháin ionas go gcinntítear go gcuirtear gach ball nua foirne ar an eolas faoi na dualgais uilig faoin Scéim;
- leanúint d'acmhainní teanga a chur ar fáil don lucht foirne, acmhainní san áireamh atá ar fáil ar líne agus trí theacht na Roinne ar áiseanna éagsúla leabharlainne;
- aird a dhíriú ar na deiseanna oiliúna ar fad agus ar na hacmhainní Gaeilge ar fad taobh istigh de réimse AD de láithreán inlín nua na Roinne;

- chomh maith le hoiliúint a bheith ar fáil, cuirfear na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge ar fáil don lucht fáilteoireachta d'fhonn cuidiú le cuairteoirí ar mian leo Gaeilge a labhairt.

4.3 Cúrsaí Earcaíochta agus Socrúcháin

Beidh aird ar an ngá feabhas a chur de réir a chéile ar an acmhainn oibriú trí Ghaeilge mar chuid den pholasaí earcaíochta a thagann faoi réir chreachóras aontaithe de ghnáis náisiúnta earcaíochta.

Faoi réir ag coinníollacha a ghabhann le socrúcháin bhaill foirne, déanfar a dhearbhu má tá aon phost sa Roinn ba chóir a ainmniú mar phost Gaeilge agus cuirfear an Bord Feidhmiúcháin ar an eolas ina leith sin sula ndéantar 'Athbhreithniú ar Acmhainní'. Is faoi lucht bainistíochta sinsearach na Roinne socrú ar an modh ina líontar poist den sórt sin, ach meastar gur trí bhaill foirne a bhfuil inniúlacht ar an leibhéal cuí acu ar úsáid na Gaeilge a earcú tríd an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, is mó a chuirfear feabhas ar an teacht ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Poist Ainmnithe Gaeilge

Faoi dheireadh ré na Scéime seo, beidh Oifigeach Gaeilge ainmnithe ag an Roinn ar a mbeidh freagracht as gnóthaí a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é ról a bheidh leis an Oifigeach Gaeilge maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta agus na Scéime sa Roinn.

4.4 Seirbhísí Aistriúcháin

Cinntoidh an tAonad Comhlíontais go mbíonn socrú cuí maidir le haistritheoir Gaeilge ag an Roinn agus cuirfear gach duine d'fhoireann na Roinne ar an eolas faoin tseirbhís sin.

4.5 An Ghaeilge a chur chun cinn agus Seachtain na Gaeilge

Tá an Roinn tugtha do thionscnaimh cultúir a dhaingníonn agus a spreagann úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. Tiocfaidh cur chun cinn na Gaeilge faoi stiúir Rannáin éagsúla sa Roinn, an tAonad Comhlíontais agus Acmhainní Daonna san áireamh.

Déanfaidh an Roinn imeachtaí a eagraítear i rith Sheachtain na Gaeilge a chur chun cinn. Eagróidh an Club Sóisialta ar a laghad ócáid neamhfhoirmeálta amháin in aghaidh na bliana don fhoireann chun úsáid na Gaeilge sa Roinn a chur chun cinn, mar shampla Tráth na gCeist Boird chomh maith le hócáidí 'Cupán Tae agus Cúpla Focail' roinnt uaireanta gach bliain. Féachfaidh an Club Sóisialta freisin le fógraí dhátheangacha a eisiúint maidir le himeachtaí sóisialta nuair is féidir sin.

Mar chuid den tráthchlár eagrúcháin maidir le seisiúin eolais inmheánacha '*Power Hour*', cothóidh an tAonad Foghlama agus Forbartha caidreamh le heagraíochtaí Gaeilge agus/nó le daoine aonair chun ar a laghad aon seisiún amháin a chur ar fáil i nGaeilge maidir le cur chun cinn na teanga. Sa chás go mbíonn dóthain spéise ann go poiblí, eagróidh an Roinn caint i nGaeilge chomh maith mar chuid de 'Oíche an Chultúir' agus d'imeachtaí eile den sórt sin.

CAIBIDIL 5: MONATÓIREACHT, TUAIRISCÍOCHT AGUS LEASÚ

An Bord Feidhmiúcháin

Cuirfidh an Bord Feidhmiúcháin bonn daingean faoi úsáid na Gaeilge sa Roinn, cuirfear an úsáid sin chun cinn agus coinneofar oibriú éifeachtúil na Scéime Teanga faoi athbhreithniú.

An Ceannasaí Comhlíontais

Is ar an gCeannasaí Comhlíontais atá sé de fhreagracht a chinntiú go bhfuil Scéim Teanga ar bun ag an Roinn. Déanfaidh an Ceannasaí Comhlíontais:

- scrúdú ar a laghad gach sé mhí ar an dul chun cinn maidir leis na gealltanais a leagtar amach i Scéim Teanga na Roinne;
- i rith ré feidhme na Scéime ar fad, aon bheart breise a mheas is gá chun feabhas a chur ar leibhéal na seirbhíse a chuirtear ar fáil, i bhfianaise an éilimh agus i ndáil leis an athbhreithniú gach sé mhí ar an dul chun cinn;
- tuairisc a thabhairt don Ard-Rúnaí agus don Bhord Feidhmiúcháin tar éis measúnacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na gealltanais a luaitear sa Scéim agus aon bheart nua a mheastar a bheith oiriúnach.

Na hAonaid Gnó

Éileofar ar gach brainse de chuid na Roinne go dtabharfar an Plean Gnó faoi anáil na ngealltanais a ghabhann leis an Scéim Teanga de réir mar is cuí. Is iad na bainisteoirí líne sna brainsí sin ar a leagtar freagracht maidir leis na Scéim a chur i bhfeidhm ina réimse féin is mó a bheidh i mbun na gnáthmhonatóireachta. Beidh ceangailte ar gach Aonad Gnó tuairisc mhionsonraithe a thabhairt gach sé mhí don Cheannasaí Comhlíontais ar an dóigh ina bhfuiltear ag cloí leis na gealltanais.

Athbhreithniú Bliantúil

Déanfar mionsonraithe faoin dul chun cinn maidir le maith a dhéanamh de na gealltanais a luaitear sa Scéim seo a fhoilsiú gach bliain in Athbhreithniú

Bliantúil na Roinne, lena dtabharfar san áireamh:

- polasaithe nó tionscnaimh breise lena gcuirtear úsáid na Gaeilge chun cinn;
- ábhar a fhoilsítear i nGaeilge go hiomlán nó i nGaeilge agus i dteanga(cha) eile;
- aon ghearán nó moladh a dhéantar maidir le seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ag an Roinn agus cineál na ngearán nó na moltaí sin sin;
- an dul chun cinn maidir le gach gealltanas faoi seach a leagtar amach sa Scéim;
- leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

CAIBIDIL 6: AN SCÉIM AONTAITHE A FHOILSIÚ

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tá a bhfuil de fhreagracht orthu i ndáil le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha in iúl do gach duine d'fhoireann na Roinne Airgeadais.

An Tríú Scéim Teanga 2018 – 2021

Cuireadh cóip den Scéim Teanga seo ar fáil don uile dhuine foirne sa Roinn Airgeadais agus leanfar dá bhfuil de chúram orthu ina leith a chur i gcuimhne dóibh ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- eolas ar bhunleathanach Inlíon na Roinne;
- tuairiscí ar chora nua ón gCeannasaí Comhlíontais;
- ócáidí cultúir a chur chun cinn;
- oiliúint ionduchtúcháin.

An Pobal i gCoitinne

Déanfar an Scéim Teanga seo, maille le tuairiscí ar an dul chun cinn ina leith, a chur ar fáil don phobal ar na modhanna seo a leanas:

- preaseisiúint maidir le seoladh na Scéime;
- fógra feiceálach ar láithreán gréasáin na Roinne;
- bileog ghairid eolais ina leagtar amach na seirbhísí a bhfuil teacht orthu i nGaeilge a chur ar fáil ag deascanna fáilte agus ar láithreán gréasáin na Roinne;
- Athbhreithniú Bliantúil na Roinne lena leagfar amach an dul chun cinn maidir le maith a dhéanamh de an gealltanais a luaitear sa Scéim.

Chomh maith leis na bearta thuasluaite, leanfaidh an Roinn de gach deis a thapú le linn an ghnáthchaidrimh le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus poiblíocht a dhéanamh ina leith:

- trína chur in iúl ar an gcéadchóir do chustaiméirí go bhfuil de rogha acu déileáil leis an Roinn trí Ghaeilge le fógraí a chrochadh i limistéir fáilte ar a luaitear na seirbhísí atá ar fáil agus trí liosta de na seirbhísí a chur ar láithreán gréasáin na Roinne;
- nóta a chur le foilseacháin agus le fógraí de chuid na Roinne go gcuirtear seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus go mbíonn fáilte ag an Roinn roimh an gcustaiméir ar mian leis nó léi gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, i gcomhréir le gealltanais na Scéime.

Seoladh cóip den Scéim freisin chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

An Roinn Airgeadais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uacht
Baile Átha Cliath 2 D02 R583
Éire

Teileafón : +353 1 676 7571
URL: <http://www.finance.gov.ie>
Email : webmaster@finance.gov.ie

Twitter : @IRLDeptFinance



Is chun críocha inmheánacha amháin an foilseachán seo agus níor cheart é a scaipeadh gan é a chur in iúl don Cheannasaí um Chomhlíontacht